Treoracha úsáide

INSTRUCTIONS AVAILABLE

TRANSLATION AVAILABLE

https://medicaldevicesinc.com/ifu/

Cur síos ar an táirge

Is feistí leighis iad Séalaí Halo ina bhfuil brat hidreaghlóthaí greamaitheach agus brat greamaitheach (gan laitéis) ar a chúl. Níl aon substaint mhíochaine i Séalaí Halo agus ní úsáidtear díorthaigh ó ainmhithe ná ó dhaoine lena ndéanamh. Tá Séalaí Halo díonach ar leachtanna agus séalaíonn siad an chneá. Tá Séalaí Halo beartaithe lena n-úsáid go dtí gur féidir an t-othar a iompar go hionad cúraim sláinte agus bainfear ansin iad chun measúnú a dhéanamh ar an othar agus chun iarchóireáil leighis a chur air.

Tásca úsáide

Tá Séalaí Halo deartha chun cneácha a chumhdach agus a chosaint. Ná húsáid an cóiriú in ionad uamanna nó príomh-mhodhanna dúnta cneá eile. Táirge aonúsáide atá i Séalaí Halo agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis éillithe agus ionfhabhtaithe dá ndéanfaí iarracht Séalaí Halo a athúsáid.

Úsáid bheartaithe/Cuspóir beartaithe

Is cóiriú oclúideach do chneácha iad Séalaí Halo agus tá siad do-athionsúite agus neamhsteiriúil. Tá siad beartaithe chun cneá a chumhdach agus a bheith ina mbacainn mheicniúil.

Próifíl othar

Beartaítear Séalaí Halo lena n-úsáid in othair a bhféadfadh cneá cliabhraigh a bheith acu.

Modh úsáide

1. Glan agus triomaigh an craiceann.
2. Bain an cumhdach trédhearcach. Ná cuir an cóiriú ar dhromchla eile roimh é a chur ar an gcraiceann chun éilliú a sheachaint.
3. Cuir an Séala Halo thar an gcneá agus an taobh ar a bhfuil an ghlóthach i dteagmháil leis an gcraiceann.
4. Brúigh go héadrom ar an séala – ná sín an cóiriú agus é á chur ar an gcraiceann.
5. Lean de mheasúnú a dhéanamh ar an othar agus de mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an tséala cliabhraigh. Déan monatóireacht ar an othar le seiceáil an bhfuil an phian níos measa nó an bhfuil deacracht anála aige.
6. Athshéalaigh an Séala Halo más gá.
7. Más ann do chneácha cliabhraigh eile, lean céimeanna 1-4 le Séala Halo eile.
8. Tabhair an t-othar chuig ionad cúraim éigeandála le haghaidh iarchóireáil leighis agus measúnú.
9. Déan an táirge a dhiúscairt tar éis a úsáidte i gcomhréir leis na treoirlínte áitiúla maidir le feistí leighis a dhiúscairt.

Please contact or report any serious incidents regarding this product to the manufacturer and regulatory authorities.

medicaldevicesinc.com

Medical Devices, Inc.
11501 Metro Airport Center Dr, STE 100, Romulus, MI 48174, USA
+1 (800) 828-4681
info@medicaldevicesinc.com

CE 2862

EC REP
Obelis s.a.
Bd. Général Wahis 53
1030 Brussels, Belgium
Tel: +(32) 2. 732. 59. 54
Fax: +(32) 2. 732. 60. 03

MDI Medical Devices, Inc.

Doc. No.: MAW-0693 rev02 Icelandic

Treoracha úsáide

INSTRUCTIONS AVAILABLE

TRANSLATION AVAILABLE

https://medicaldevicesinc.com/ifu/

Rabhaidh

- Cinntigh go ndéanann an Séala Halo séala iomlán timpeall ar an gcneá chun an chneá a chosaint ar aer, leachtanna, agus smionagar. Daoine a bhfuil gortuithe cliabhraigh acu, ba cheart iad a thabhairt láithreach chuig ionad cúraim sláinte nó tráma chun measúnú a dhéanamh orthu.
- Ná húsáid Séala Halo in ionad uamanna nó príomh-mhodhanna dúnta cneá eile.
- D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis éillithe agus ionfhabhtaithe dá ndéanfaí iarracht Séala Halo a athúsáid.
- Déan an táirge a dhiúscairt tar éis a úsáidte i gcomhréir leis na treoirlínte áitiúla maidir le feistí leighis a dhiúscairt.
- Ná cuir ar nithe atá ag gobadh amach mar d'fhéadfadh sé an gortú a dhéanamh níos measa.

Fritásca

Níl an táirge beartaithe lena úsáid tar éis obráide.

Saintréithe feidhmíochta

- Greamaíonn sé de dhromchla an chraicinn i ndianchúinsí agus i dteochtraon foircneach, fiú i gcás inarb ann do thaise, do shreabháin phleoracha agus/nó d'fhuil.
- Deartar an cóiriú chun séala éifeachtach a dhéanamh timpeall ar an gcneá lena cumhdach agus lena cosaint.
- Séalaíonn sé cuas an chliabhraigh agus tá sé díonach ar leachtanna, aer agus smionagar ón timpeallacht sheachtrach a d'fhéadfadh dul isteach sa chneá.

Buntáistí cliniciúla

- Laghdaítear an riosca go rachadh aer, leacht nó smionagar isteach sa chneá agus go n-éilleofaí í.
- Soláthraítear am breise i gcásanna éigeandála chun an t-othar a thabhairt chuig ionad sláinte.

Maímh chliniciúla

- Déantar séala éifeachtach timpeall ar an gcneá, má úsáidtear an táirge de réir threoracha an mhonaróra.
- Díonach ar leachtanna, aer agus smionagar a d'fhéadfadh an chneá a éilliú.

Please contact or report any serious incidents regarding this product to the manufacturer and regulatory authorities.

medicaldevicesinc.com

Medical Devices, Inc.
11501 Metro Airport Center Dr, STE 100, Romulus, MI 48174, USA
+1 (800) 828-4681
info@medicaldevicesinc.com

CE 2862

EC REP
Obelis s.a.
Bd. Général Wahis 53
1030 Brussels, Belgium
Tel: +(32) 2. 732. 59. 54
Fax: +(32) 2. 732. 60. 03

Medical Devices, Inc.

Doc. No.: MAW-0693 rev02 Icelandic